
# Jessie Buckley

Eochairfhocail: gradam, is mó le rá, éacht, scannán, mar is gnách

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad as do Jessie Buckley?
2. Cén duais a bhuaigh sí aréir?
3. Ainmnigh beirt eile a bhí in aon chatagóir le Jessie.
4. Céard iad na duaiseanna eile a bhuaigh Jessie Buckley i mbliana?
5. Cén ról a bhí aici?
6. Cén lipéad cáiliúil faisin a dhear gúna Jessie ag na Gradaim Oscars?
7. Cén téama a bhí ag Jessie ina hóráid bhuíochais?
8. Céard a dúirt Mícheál Martin faoi mhuintir na hÉireann agus é ag labhairt faoi bhua stairiúil Jessie?
9. Céard a bhuaigh Brenda Fricker sa bhliain 1989?
10. 10. An bhfaca tú Jessie in Hamnet? Ar cheap tú gur léiriú maith a bhí ann? Cén fáth? Mura bhfuil an scannán feicthe agat, ar mhaith leat é a fheiceáil? Cén fáth? (Breac síos na freagraí ar dtús agus ansin pléigh le do pháirtí ranga iad).



Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Ag obair le do pháirtí ranga, féachaigí ar an mír le Seán Mac an tSíthigh agus aimsígí an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach**

| | F/B |
|---|---|
| 1. Glaonn Seán Mac an tSíthigh 'Cill Airne na loch agus na gcnoc' ar an mbaile. | |
| 2. Is as Cill Airne do Gregroy Peck, Maureen O'Hara agus Cillian Murphy. | |
| 3. Tá óstán ag teaghlach Jessie i gCill Airne le 50 bliain anuas. | |
| 4. Tim an t-ainm atá ar athair Jessie | |
| 5. Cheap Johnny Mac Uidhir go raibh óráid Jessie níos fearr ná aon oráid ar bith a chuala sé i bPáirc an Chrócaigh cheana | |
| 6. Chuaigh teachtaireacht Jessie faoi bhrionglóidí a fhíoradh i bhfeidhm go mór ar Mháiréad Bean Uí Fhiarais | |
| 7. Tá leanbh óg nua ag Jessie | |
| 8. 'Is glas iad na cnoic uainn' a deir Risteárd Mac Fhlannachadha | |
| 9. Ní raibh ballraíocht ag Jessie in aon chlub aisteoireachta/ceoldrámaíochta | |
| 10. Tá muintir Chill Airne an-bhródúil as Jessie | |


Idirghníomhaíocht Labhartha:

**Anois, le do pháirtí ranga an féidir leat an cheist seo a leanas a phlé?**

*An maith leat dul go dtí an phictiúrlann nó an fearr leat féachaint ar scannáin sa bhaile?*

Seo cúpla leid le cuidiú libh agus sibh i mbun comhrá:

- An bhfuil ballraíocht agaibh do sheirbhís srutha? Cén ceann?
- An fearr libh féachaint ar scannán nó ar shraith de chláir?
- Cén séanra is fearr libh? Aicsean, greann, rómánsaíocht, stair...?
- An dóigh libh go bhfuil borradh faoin aisteoireacht agus faoin drámaíocht in Éirinn?
- An gceapann sibh go bhfuil stair fhada ag Muintir na hÉireann san amharclanaíocht?



## Freagraí

1. Cill Airne, Co. Chiarraí
2. Gradam Oscar don aisteoir mná is fearr
3. Rose Byrne, Kate Hudson, Renate Reinsve, Emma Stone.
4. BAFTA, Golden Globe, Critic's Choice
5. Bean chéile an drámadóra William Shakespeare sa scannán Hamnet
6. Chanel
7. Ómós a thabhairt d'éachtaí na máthar
8. Go léiríonn a bua dea-thréithe na nÉireannach agus an cumas atá ionann scéal a insint
9. Oscar don bhanaisteoir tánaisteach dá páirt in My Left Foot

1.Fíor
2.Bréagach
3.Bréagach
4.Fíor
5.Fíor
6.Fíor
7.Fíor
8.Bréagach
9.Bréagach
10. Fíor

